NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10882 – IRCP / CDC / ADTIM GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 404/09)

1. An 12 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— InfraRed Capital Partners Limited ("IRCP", an Ríocht Aontaithe'), faoi rialú deiridh Sun Life Financial Inc (Ceanada),

— Caisse des dépôts et consignations ("CDC", an Fhrainc),

— ADTIM SAS ("ADTIM", an Fhrainc), agus a fhochuideachta ADTIM FTTH SAS ("ADTIM FTTH", an Fhrainc), (dá ngairtear le chéile "ADTIM Group").

Gheobhaidh IRCP agus CDC rialú comhpháirteach ar ADTIM Group de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir infheistíochta domhanda é IRCP;

— Is institiúid airgeadais earnála poiblí de chuid na Fraince é CDC, a bhfuil stádas dlíthiúil speisialta aici agus a chomhlíonann misin leasa ghinearálta chun tacú le beartais phoiblí. Tá CDC gníomhach freisin i ngníomhaíochtaí gnó margaidh oscailte, i gceithre rannán den chuid is mó: (i) an comhshaol agus fuinneamh, (ii) réadmhaoin, (iii) infheistíocht chaipitiúil agus (iv) seirbhísí;

— Tá ADTIM Group gníomhach san earnáil um imlonnú snáithíní sa Fhrainc. Chuir ADTIM Group comhaontuithe tarmligin seirbhísí poiblí i gcrích chun líonra idirlín leathanbhanda agus ultra-leathanbhanda a thógáil agus a oibriú i ranna Francacha Drôme agus Ardèche.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Mar sin féin, forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10882 – IRCP / CDC / ADTIM GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË